

Clárú Morgáistí agus Muirear

Bileog Uimhir 27 / Bealtaine 2017

1. ACHT NA GCUIDEACHTAÍ, 2014

Tá tagairt d'fhoirmeacha seo a leanas na hOifige um Chlárú Cuideachtaí sa bhileog seo.

Uimhir na Foirme	Cur síos
C1	Sonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe sa Stát
C1a	Fógra rúin maidir le sonraí a chlárú i leith muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe sa Stát. An chéad chéim de nós imeachta dhá chéim
C1b	Deimhniú um shonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe sa Stát. An dara céim de nós imeachta dhá chéim
C3	Sonraí muirir a bhfuil maoin faighte faoina réir ag cuideachta atá corpraithe sa
C6	Sásamh muirir nó morgáiste breithiúnais
C7	Sásamh páirteach muirir nó morgáiste breithiúnais
C10	Sásamh páirteach muirir nó morgáiste breithiúnais
C17	Athruithe ar shonraí an tsealbhóra muirir/iasachtóra i leith muirir
F8	Sonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát
F8a	Fógra rúin maidir le sonraí a chlárú i leith muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát. An chéad chéim de nós imeachta dhá chéim.
F8b	Deimhniú i leith sonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát. An dara céim de nós imeachta dhá chéim
F9	Sonraí muirir a bhfuil maoin ceannaithe faoina réir ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát

Ceisteanna Coitianta maidir leis an Acht nua

An gceadaítear am breise ar bith chun an fhoirm a chomhdú?

Ní cheadaítear. Faoin Acht, ní cheadaítear am breise ar bith chun foirm i leith muirir a chomhdú. Más rud é nach bhfaightear an doiciméad laistigh den tréimhse 21 lá atá leagtha síos, diúltófar don fhoirm.

Cad é an t-ord tosaíochta le haghaidh muirear?

Cinnfear tosaíocht na muirear arna gcruthú ag cuideachta trí thagairt don dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir na sonraí forordaithe.

Dáta Fála: Is ionann tagairtí do dháta fála na sonraí forordaithe agus tagairtí dóibh seo a leanas –

(a) más amhlaidh go gcomhlíontar an nós imeachta aon chéime amháin i ndáil le muirear ar leith, an dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir sonraí forordaithe an mhuirir, ar an bhfoirm fhorordaithe C1; nó

(a) más amhlaidh go gcomhlíontar an nós imeachta dhá chéim i ndáil le muirear ar leith, an dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir an fógra, ar an bhfoirm fhorordaithe C1a agus ina mbeidh na sonraí forordaithe, i leith an mhuirir.

Ní dhéanfaidh sé sin difear d'aon chomhaontú idir daoine ar cruthaíodh muirir ina fhabhar i ndáil leis an tosaíocht a bheidh ag na muirir sin, mar atá eatarthu.

(c) Má mhainnítear an fhoirm C1b (Alt 409(4)(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014) a chomhdú, bainfear den chlár an fógra arna fháil faoi alt 409(4)(a) d'Acht na gCuideachtaí 2014, Foirm C1a. (Alt 409(5) d'Acht na gCuideachtaí, 2014).

Cad a tharlaíonn má chuirtear roinnt muirear isteach ar an lá céanna don chuideachta céanna agus/nó i leith na maoin céanna?

Más amhlaidh go bhfaigheann an Cláraitheoir na sonraí forordaithe i leith na muirear éagsúil ar an dáta céanna, tugtar tús áite don mhuirear a gheobhaidh an Cláraitheoir ar dtús ar an dáta lena mbaineann.

Ní mór na rFoirmeacha Muirir C1, C1a agus C1b a chomhlánú ar líne ag www.core.ie. Sa chás ina

n-úsáidtear sínithe ROS agus a ndéantar íocaíocht le cárta creidmheasa nó cuntas CRO, féadfar an próiseas ar fad a chur i gcrích láithreach.

Ní féidir leis an gCláraitheoir tosaíocht a ráthú maidir le muirear ar leith. Baintear amach tosaíocht ón dáta fála amháin.

An gcaithfidh mé foirm a úsáid anois chun Morgáiste Breithiúnais a chomhdú?

Caithfidh. Cuirtear Morgáistí Breithiúnais isteach anois ag baint úsáide as an bhfoirm C10. Ní mór don chreidiúnaí an fhoirm a chur isteach laistigh de 21 lá ón tráth a fuarthas fógra ón Údarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) i dtaobh morgáiste breithiúnais a bheith cláraithe leis. Cinntear gurb é dáta fála an fhógra ón ÚCM 3 lá tar éis gur eisigh an ÚCM an fógra chuig an gcreidiúnaí.

Cad a tharlaíonn más amhlaidh go bhfuil athrú tagtha ar shonraí an té atá i dteideal an mhuirir ó cláraíodh an muirear bunaidh?

Ba chóir an CRO a chur ar an eolas faoi aon athruithe den sórt trí Fhoirm C17 chomhlánaithe a chomhdú.

Conas a chláróidh mé sásamh muirir?

Chomhlánódh an chuideachta foirm C6 maidir le lánsásamh muirir nó C7 maidir le sásamh páirteach. Tá an fhoirm athraithe sa mhéid is go ndéanann stiúrthóir agus rúnaí de chuid na cuideachta nó dhá stiúrthóir ráiteas maidir leis an sásamh. Nuair a fhaightear an fhoirm sin, eisítear fógra chuig an muirearaí á rá go gclárófar an seasamh murab amhlaidh go bhfaighfear agóid i gcoinne an chláráithe laistigh de 21 lá. Mar mhalairt air sin, is féidir leis an muirearaí an fhoirm C6 nó an fhoirm C7 a chomhlánú. I gcásanna den sórt sin, níl aon fhógra riachtanach agus díreach déantar an sásamh a chlárú.

An bhfuil pionós i gceist maidir le sonrú go bréagach gur sásaíodh an muirear?

Má chuireann an chuideachta sásamh isteach agus má chinntear gur shínigh na daoine an fhoirm agus a fhios acu go raibh sí bréagach, tá na hoifigigh atá i gceist ciontach i gcion chatagóir 2. Chomh maith leis sin, faoi alt 416(6) d'Acht na gCuideachtaí 2014, má mheasann an chúirt go raibh déanamh an ráitis ina chuid den chúis nach raibh an chuideachta in ann a fiacha a íoc, gur dá bharr a cuireadh cosc nó bac ar fhoirceannadh ordúil na cuideachta nó a ndearnadh éascú ar chalaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe, féadfar an dliteanas teoranta a bhaint de réir mar a shonróidh an chúirt maidir le fiacha agus dliteanais eile na cuideachta.

Cion chatagóir 2 – Ar é nó í a chiontú ar díotáil, féadfar téarma príosúnachta suas le cúig bliana nó fíneáil suas le €50,000 nó iad araon a ghearradh ar dhuine.

An bhfuil an comhdú Slavenburg fós infheidhme faoin Acht nua?

Níl. Tá deireadh leis an gcleachtas sin anois. Faoin Acht, ní féidir leis an CRO clárú a dhéanamh ar mhuirear arna chruthú ag cuideachta choigríche a bhfuil áit ghnó aici sa Stát, ach nach bhfuil cláraithe leis an CRO mar chuideachta sheachtrach a bhfuil brainse bunaithe aici, toisc nach bhfuil an chuideachta lena mbaineann ar chlár an CRO. Ní ghlacfar le haon mhuirear ar chomhad Slavenburg, atá dúnta anois – éifeachtach an 1 Meitheamh, 2015.

2. Clárú Muirir

Ciallaíonn muirear, i ndáil le cuideachta, morgáiste nó muirear, i gcomhaontú (scríofa nó ó bhéal), arna chruthú thar leas in aon mhaoin de chuid na cuideachta (agus in alt 409(8) agus alt 414-421 den Acht airítear leis morgáiste breithiúnais) ach ní fholaíonn sé morgáiste nó muirear, i gcomhaontú (scríofa nó ó bhéal), arna chruthú thar leas –

- (a) in airgead;
- (b) in airgead arna chur de shochar cuntais de chuid institiúide airgeadais, nó aon taiscí eile.
- (c) i scaireanna, lena n-áirítear scaireanna i gcomhlacht corpraithe, bannaí nó ionstraimí fiachais;
- (d) in aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta nó ionstraimí margaidh airgid; nó
- (e) in éilimh agus cearta (amhail díbhinní nó ús) i leith aon ní dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna (b) go (d) roimhe seo.

Folaíonn maoin aon sócmhainní nó aon ghnóthas de chuid na cuideachta. Sa chás ina gcruthaítear muirear thar aon leas a shonraítear in (a) go (e) thuas agus ina bhfoláíonn sé freisin aon mhaoin, sócmhainní nó gnóthas nach n-áirítear sna míreanna sin, ansin tá an muirear lena mheas mar mhuirear faoi Chuid 7 den Acht a mhéid is a bhaineann sé leis an maoin nach n-áirítear in (a) go (e) thuas.

Tá clárú morgáistí agus muirear i dtaca le cuideachta a corpraíodh sa Stát faoi rialú alt 409 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Foráiltear faoin alt nach mór na sonraí forordaithe i leith muirir, arna bhfóru ar an modh forordaithe, a sheachadadh chuig an gCláraitheoir, nó iad a bheith faighte ag an gCláraitheoir, laistigh de 21 lá ón tráth a cruthaíodh an muirear.

Ní féidir leis an CRO aon síneadh a chur leis an tréimhse ama i leith clárúcháin.

Dá bhrí sin, ní féidir clárú a dhéanamh i gcásanna ina bhfaigheann an CRO iarratais lasmuigh den teorainn 21 lá, nó i gcás ina ndearnadh leasuithe nó athruithe, lasmuigh den teorainn ama sin, ar shonraí a taisceadh laistigh den teorainn ama.

Má mhainníonn cuideachta nó muirearaí cloí leis an gceanglas an muirear a chomhdú faoi Chuid 7 d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfar iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena gcuirfear síneadh leis an tréimhse chlárúcháin faoi alt 417 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Má thugtar faoi deara tar éis a chlárú go bhfuil aon mhuirear áirithe in easnamh nó míráiteas déanta ina leith, is féidir iarratas a dhéanamh chun na Cúirte freisin ar ordú lena gcuirfí na sonraí ina gceart.

2.1 Cuideachta Éireannach

Sonraí muirir

Tá dhá bhealach trínar féidir muirear a chlárú faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is féidir clárú muirir a chur i gcrích tríd an nós imeachta aon chéime amháin (a úsáideadh faoi Achtanna na gCuideachtaí roimhe seo) nó trí úsáid a bhaint as an nós imeachta dhá chéim atá ar fáil faoin Acht 2014. Ní mór na sonraí ar fad i leith muirir a chomhlánú ar líne. Ní fhéadfar cóip pháipéir d'fhoirm a chur isteach. Ní féidir muirear a chur isteach ach amháin trí CORE – www.core.ie – saoráid comhdaithe ar líne an CRO, nó trí phacáiste bogearraí rúnaíochta.

Nós Imeachta Aon Chéime Amháin	Nós Imeachta Dhá Chéim
<ul style="list-style-type: none"> rFoirm C1 a chur isteach Táille Comhdaithe €40 a chur isteach Ní mór í a chomhdú laistigh de 21 lá ón tráth a cruthaíodh an muirear Má mhainnítear an fhoirm a chur isteach in am, diúltófar di agus cuirfear an doiciméad ar ais chuig an láithreoir. Is ionann an dáta tosaíochta agus an dáta ar a bhfuarthas an rFhoirm C1. 	<ul style="list-style-type: none"> rFoirm C1a a chur isteach Táille Comhdaithe €40 a chur isteach Laistigh de 21 lá ó cuireadh isteach rFoirm C1a, cuirtear isteach an dara doiciméad – rFoirm C1b. Má mhainnítear an rfoirm C1ba chur isteach, diúltófar don rFhoirm C1a agus cuirfear ar ais chuig an láithreoir í. Is ionann an dáta tosaíochta agus an dáta ar a bhfuarthas an rfoirm C1a. Faoin nós imeachta dhá chéim tugtar tosaíocht níos airde dó ná an nós imeachta aon chéime amháin sa chás ina gcomhdaítear rFoirm C1a roimh rFhoirm C1 – cé go bhféadfadh sé gur comhdaíodh rFoirm C1b níos déanaí ná an rFhoirm C1 chéanna. Ní féidir na sonraí ar an rbhfoirm C1a a athrú.

2.1.1 Cuideachta Sheachtrach

Sonraí muirir

Cuideachtaí coigríche nó seachtracha faoi dhliteanas teoranta a bhunaíonn brainse sa Stát, tá sé de dhualgas orthu clárú leis an CRO faoi Alt 1301(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014. I gcás ina gcruthaíonn cuideachta sheachtrach chlárúithe muirear thar mhaoin sa Stát, agus nach mór an muirear sin a bheith clárúithe le CRO, ní mór na sonraí riachtanacha i leith an mhuirir a sheachadadh do Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Cláróidh an CRO na muirir sin agus eiseofar deimhniú clárúcháin chuig an láithreoir in am trátha.

Má theipeann ar an gcuideachta an ceanglas a chomhlíonadh maidir leis na sonraí a chomhdú laistigh de 21 lá, beidh an muirear ar neamhní i gcoinne an leachtaitheora agus aon chreidiúnaí de chuid na cuideachta. Ní mór na sonraí ar fad i leith muirir a chomhlánú ar líne. Ní fhéadfar cóip pháipéir d'fhoirm a chur isteach. Ní féidir muirear a chur isteach ach amháin trí CORE – www.core.ie – saoráid comhdaithe ar líne an CRO, nó trí phacáiste bogearraí rúnaíochta.

Nós Imeachta Aon Chéime Amháin	Nós Imeachta Dhá Chéim
<ul style="list-style-type: none"> rFoirm F8 a chur isteach Táille Comhdaithe €40 a chur isteach Ní mór í a chomhdú laistigh de 21 lá ón tráth a cruthaíodh an muirear Má mhainnítear an fhoirm a chur isteach in am, diúltófar di agus cuirfear an doiciméad ar ais chuig an láithreoir. Is ionann an dáta tosaíochta agus an dáta ar a bhfuarthas an rFhoirm F8. 	<ul style="list-style-type: none"> rFoirm F8a a chur isteach Táille Comhdaithe €40 a chur isteach Laistigh de 21 lá ó cuireadh isteach rFoirm F8a, cuirtear isteach an dara doiciméad – rFoirm F8b. Má mhainnítear an rfoirm F8b a chur isteach, diúltófar don rFhoirm F8a agus cuirfear ar ais chuig an láithreoir í. Is ionann an dáta tosaíochta agus an dáta ar a bhfuarthas an rfoirm F8a. Faoin nós imeachta dhá chéim tugtar tosaíocht níos airde dó ná an nós imeachta aon chéime amháin sa chás ina gcomhdaítear rFoirm F8a roimh rFhoirm F8 – cé go bhféadfadh sé gur comhdaíodh an rfoirm F8b iomchuí níos déanaí ná an rFhoirm F8 chéanna. Ní féidir na sonraí ar an bhfoirm F8 a athrú.

2.2 Morgáistí Breithiúnais

Sa chás inar gnóthaíodh breithiúnas in aghaidh cuideachta agus ina ndéantar an breithiúnas sin a chomhshó ina dhiaidh sin ina mhorgáiste breithiúnais a dhéanann difear d'aon mhaoin de chuid na cuideachta, tá ceanglas ar thaobh an **chreidiúnaí** anois **Foirm C10** a chomhdú.

Beidh an morgáiste breithiúnais ar neamhní i gcoinne an leachtaitheora agus aon chreidiúnaí de chuid na cuideachta mura ndéanfar **Foirm C10** agus an **doiciméad Morgáiste Breithiúnais** iomchuí a chur isteach in éineacht leis an táille comhdaithe €40.

Ní mór an fhoirm a bheith faighte ag an gCláráitheoir tráth nach déanaí ná **21 lá tar éis an dáta** ar a bhfaighidh an creidiúnaí breithiúnais fógra ón Údarás Clárúcháin Maoine gur cruthaíodh an morgáiste breithiúnais.

Toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, go bhfuair an creidiúnaí breithiúnais fógra i leith chruthú an mhorgáiste breithiúnais ón Údarás Clárúcháin Maoine ar **an tréimh lá** tar éis an dáta ar ar chuir an creidiúnaí breithiúnais nó a ghníomhaire nó a gníomhaire an fógra sin chuige nó chuici.

Doiciméad Morgáiste Breithiúnais

Ciallaíonn an “doiciméad morgáiste breithiúnais iomchuí” cóip dheimhnithe de cheann acu seo a leanas, de réir mar is cuí –

- Foirm 60, 60a nó 60b atá leagtha amach i Sceideal na bhFoirmeacha a ghabhann le Rialacha Chlárlann na Talún 2012, (I.R. Uimh. 483 de 2012) arna leasú ag Rialacha Chlárlann na Talún 2013 (I.R. Uimh. 389 de 2013)
- Foirm 16 atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Chlárú Gníomhas (Uimh. 2) (I.R. Uimh. 457 de 2009), a úsáidtear chun críocha an breithiúnas atá i gceist a chomhshó ina mhorgáiste breithiúnais.

2.3 An cás ina bhfaighidh cuideachta maoin ar a bhfuil muirear cheana féin

I gcás ina bhfaighidh cuideachta aon mhaoin atá faoi réir muirir arb amhlaidh, dá mbeadh sé cruthaithe ag an gcuideachta tar éis di an mhaoin a fháil, go mbeadh sé ina bhonn leis an dualgas faoi alt 411 d’Acht na gCuideachtaí 2014, ar thaobh na cuideachta maidir le clárú an mhuirir, ansin beidh an dualgas seo a leanas ar an gcuideachta.

Is é an dualgas sin céimeanna a ghlacadh ionas go bhfaighidh an Cláráitheoir, tráth nach déanaí ná

21 lá tar éis an dáta ar a gcuirfear i gcrích fáil na maoine lena mbaineann, na sonraí forordaithe, ar an bhfoirm fhorordaithe (**Foirm C3**), i leith an mhuirir.

Má dhéantar mainneachtain an t-alt sin a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach don chuideachta a rinne mainneachtain ciontach i gcion chatagóir 4.

Cion chatagóir 4 - Cion achomair amháin, is inphionóis le forchur féineála d'Aicme A. A Ciallaíonn féineáil d'aicme A féineáil de réir bhrí an Achta Féineálacha 2010 (.i. féineáil nach mó ná €5,000).

Cuideachta Sheachtrach: Muirear a bhfuil maoin ceannaithe faoina réir ag cuideachta atá corpraithe sa Stát.

Faoi alt 1301(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014, sa chás ina bhfaighidh cuideachta aon mhaoin atá faoi réir muirir arb amhlaidh, dá mbeadh sé cruthaithe ag an gcuideachta tar éis di an mhaoin a fháil, go mbeadh sé ina bhonn leis an dualgas faoi alt 409(1), ar thaobh na cuideachta maidir le clárú an mhuirir, ansin beidh an dualgas seo a leanas ar an gcuideachta.

Is é an dualgas sin céimeanna a ghlacadh ionas go bhfaighidh an Cláraitheoir, tráth nach déanaí ná **21 lá** tar éis an dáta ar a gcuirfear i gcrích fáil na maoine lena mbaineann, na sonraí forordaithe, ar an bhfoirm fhorordaithe (**Foirm F9**), i leith an mhuirir.

Má dhéantar mainneachtain an t-alt sin a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach don chuideachta a rinne mainneachtain ciontach i gcion chatagóir 4.

3. Síneadh ar an tréimhse ama chun muirear a chomhdú nó an Clár a cheartú

Ní féidir leis an CRO síneadh ama a dheonú i leith muirear a chomhdú. Ní mór an fhoirm a chur isteach laistigh de na tráthanna a shonraítear in alt 409(3) agus (4), alt 411(2) agus alt 413(2) agus (3) den Acht. Tá an chumhacht ag an Ard-Chúirt, áfach, síneadh ama a dheonú i ndáil leis an muirear a chomhdú. Tá an chumhacht aici freisin ceartú a cheadú i leith aon mhírítis faisnéise a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe.

Faoi alt 417 d'Acht na gCuideachtaí 417 2014, féadfaidh an chúirt an faoiseamh seo a leanas a dheonú i gcás ina bhfuil sí sásta gurb amhlaidh, i gcás neamhdhéanamh muirear a chlárú laistigh den tréimhse ama a bhí ceangailte nó fágáil ar lár aon sonraí, nó míráiteas ina leith, maidir le haon mhuirear den sórt sin nó i meabhrán sásaimh –

- (a) gur trí thionóisc a bhí sé, nó de bharr neamhaire nó ar chúis leormhaith eile; nó
 - (b) nach bhfuil sé de chineál a dhéanfadh dochar do sheasamh creidiúnaithe nó scairshealbhóirí de chuid na cuideachta, nó
- go bhfuil sé cóir agus cothromasach, ar bhonn forais eile, an faoiseamh sin a dheonú i leith neamhdhéanamh, fágála ar lár nó míráitis den sórt sin.

Is é an “faoiseamh” sin a ordú, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a fheicfear don chúirt a bheith cóir agus fóirsteanach, go gcuirfear síneadh leis an am i gcomhair cláraithe, nó, de réir mar a bheidh, go gceartófar an neamhdhéanamh, an fhágáil ar lár, nó an míráiteas. Féadfar iarratas ar fhaoiseamh faoin alt seo a dhéanamh thar ceann na cuideachta chun na Cúirte nó ag aon duine eile ag a bhfuil leas san ábhar.

4. Athruithe ar shonraí faisnéise Duine atá i dTeideal an Mhuirir (sealbhóir muirir)

Ar chlár muirear CRO, déantar taifead ar “na daoine atá i dteideal an mhuirir” mar cheann de na nithe éigeantacha mar a shonraítear in Alt 414(1)(f) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Sa chás ina dtagann athrú ar shonraí an iasachtóra faoi mhuirear cláraithe le linn shaolré an mhuirir sin, is féidir go ndéanfaí leasú ar shonraí an duine (na ndaoine) atá i dteideal an mhuirir ar an gclár CRO ach Foirm C17 a chur isteach. Táille comhdaithe €15. Má mhainnítear fógra a thabhairt don CRO faoi aon athrú ar ainm/seoladh an tsealbhóra muirir (an té atá i dteideal an mhuirir), d'fhéadfaí muirear a chlárú go mícheart mar cheann a rinneadh a lánsásamh, toisc go bhféadfaí an fógra a eisiúint chuig seoladh mícheart. Ní leagtar freagracht ar bith ar an CRO in imthosca den sórt sin.

5. Muirear a Shásamh

Ba chóir sonraí maidir le sásamh muirir a chomhlánú ar na foirmeacha seo a leanas:

- Foirm C6 – Lánsásamh
- Foirm C7 – Sásamh Páirteach

Gearrtar táille comhdaithe €15 maidir leis an dá fhoirm. Nuair a fhaightear an fhoirm, féadfaidh an Cláraitheoir meabhrán a chur isteach, ar fhianaise a bheith tugtha dá shástacht nó dá sástacht maidir le haon mhuirear arna chlárú —

- go bhfuil an fiach ar cruthaíodh an muirear ina leith íoctha nó go bhfuil lánsásamh nó sásamh páirteach déanta air; (**Foirm C6**), nó
- go bhfuil cuid den mhaoin arna mhuirearú scaoilte ón mhuirear nó nach bhfuil sí ina chuid de mhaoin na cuideachta a thuilleadh (**Foirm C7**).

Féadfaidh stiúrthóir agus rúnaí de chuid na cuideachta, nó beirt stiúrthóirí de chuid na cuideachta, an ráiteas ar an bhfoirm fhorordaithe a shíniú, á shonrú gur tharla an sásamh nó an scaoileadh.

Is féidir leis an muirearaí Foirm C6 agus Foirm C7 a shíniú freisin. I gcásanna den sórt sin, ní gá aon fhógra a eisiúint faoi alt 416(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus clárófar an sásamh láithreach.

Fógra don Mhuirearaí

Sa chás nár síníodh an sásamh nó an scaoileadh ag nó thar ceann an mhuirearaí, cuirfear fógra chuig an duine dár tugadh an muirear sin ar dtús nó don chreidiúnaí breithiúnais, de réir mar a bheidh, sula gclárófar an sásamh. Tabharfar fógra 21 lá. Ba chóir an fhoirm C17 a chomhdú sa chás ina bhfuil athrú tagtha ar shonraí an tsealbhóra muirir nó an iasachtóra, sula gcomhdaítear C6/C7.

Ráiteas Bréagach

I gcás ina síneoidh duine Foirm C6 nó C7 agus a fhios aige nó aici go bhfuil sí bréagach, beidh an duine sin ciontach i gcion chatagóir 2. I gcás ina síneoidh duine an fhoirm agus nach gcreideann sé nó sí go macánta ar fhorais réasúnacha go raibh an ráiteas fíor, agus go measfaidh an chúirt go raibh déanamh an ráitis sin –

- ina chúis le neamhábaltacht na cuideachta a fiacha a íoc;
- ina bhonn le cosc nó bac ar fhoirceannadh ordúil na cuideachta; nó
- ina bhonn le héascú do chalaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ón leachtaitheoir nó ó scrúdaitheoir nó glacadóir ar mhaoin na cuideachta, nó ó aon chreidiúnaí nó ranníocóir de chuid na cuideachta, más cuí léi é sin a dhéanamh, an dearbhú seo a leanas a dhéanamh.

Is é sin an dearbhú go mbeidh an sínitheoir faoi dhliteanas go pearsanta, gan teorainn dliteanais, i leith fhiacha agus dliteanais eile iomlána na cuideachta nó pé chuid díobh a shonróidh an chúirt.

Cion chatagóir 2 – Ar é nó í a chiontú ar díotáil, féadfar téarma príosúnachta suas le cúig bliana nó fíneáil suas le €50,000 nó iad araon a ghearradh ar dhuine.

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie